## CEARTÚCHÁIN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2021/1134 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críche an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 248 an 13 Iúil 2021)*

Ar leathanach 45, Airteagal 1, pointe 26, Airteagal 22b(12) nua, an chéad fhomhír agus an dara fomhír:

*in ionad:* “12. Déanfaidh údarás inniúil víosaí nó inimirce an Bhallstáit a bheidh ag próiseáil an iarratais ar víosa fadfhanachta nó cead cónaithe fíorú de láimh ar aon amas de bhun mhír 6.

Chun críocha an fhíoraithe de láimh faoin gcéad fhomhír den mhír seo, beidh rochtain ag an údarás inniúil ar an gcomhad iarratais agus ar aon chomhaid iarratais nasctha, agus ar na hamais a spreagadh le linn na huathphróiseála de bhun mhír 7.”,

*léitear:* “12. Déanfaidh údarás inniúil víosaí nó inimirce an Bhallstáit a bheidh ag próiseáil an iarratais ar víosa fadfhanachta nó cead cónaithe fíorú de láimh ar aon amas de bhun mhír 8.

Chun críocha an fhíoraithe de láimh faoin gcéad fhomhír den mhír seo, beidh rochtain ag an údarás inniúil ar an gcomhad iarratais agus ar aon chomhaid iarratais nasctha, agus ar na hamais a spreagadh le linn na huathphróiseála de bhun mhír 8.”.